Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11105 — GOLDMAN SACHS / PLATINUM SPRING / DAIWA RESORT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 183/04)

1. An 15 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

2. Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Goldman Sachs Group, Inc. ('Goldman Sachs', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Platinum Spring B 2019 RSC Limited ('Platinum Spring', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— DAIWA RESORT Co., Ltd ('Daiwa Resort', an tSeapáin).

3. Gheobhaidh Goldman Sachs agus Platinum Spring rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Daiwa Resort.

4. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

5. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda um bhaincéireacht infheistíochta, um urrúis agus um bhainistíocht infheistíochtaí é Goldman Sachs;

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é Platinum Spring a bhfuil infheistíochtaí faoi úinéireacht agus á mbainistiú aige. Is fochuideachta ar lánúinéireacht é de chuid Abu Dhabi Investment Authority ('ADIA'), institiúid infheistíochta neamhspleách a bhunaigh Rialtas Éimíríocht Abú Daibí. Bainistíonn ADIA punann infheistíochta domhanda thar níos mó ná dhá dosaen aicmí agus fochatagóirí sócmhainní;

— Tá líonra 24 óstán, lena n-áirítear óstáin ghnó agus óstáin ionaid saoire, sa tSeapáin faoi úinéireacht agus á oibriú ag Daiwa Resort.

6. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

7. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

8. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11105 — GOLDMAN SACHS / PLATINUM SPRING / DAIWA RESORT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË